Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Meitheamh 2022
(OR. fr)

9802/22

LIMITE

JAI 796
SCHENGEN 61
SCH-EVAL 78
FRONT 234
MIGR 179
ENFOPOL 310
IXIM 155
ASILE 71
COMIX 295

PUBLIC

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 9397/22 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 9478/22 |
| Ábhar: | Staid ghinearálta limistéar Schengen – Tuarascáil ar Staid Schengen agus Scórchlár |

## I. Sa chéad leath de 2022, neartaigh an Chomhairle a huirlisí le haghaidh rialachas limistéar Schengen.

Bunaíodh 'Comhairle Schengen' chun stiúradh níos fearr ar an iomlán a áirithiú ar leibhéal na n-airí. Bhí a céad chruinniú aici an 3 Márta. Tacaítear le hobair 'Comhairle Schengen' le huirlisí ar leith, go háirithe an 'Tuarascáil ar Staid Schengen' bhliantúil agus baraiméadar a chuirfidh an Coimisiún i láthair go tráthrialta. Rannchuideoidh an Coimisiún freisin le hullmhú cuí na hoibre, agus leis an obair leantach a dhéanfar ar na cinntí a dhéanfar, trí chomhordaitheoir Schengen a cheapadh a oibreoidh go dlúth le comhlachtaí na Comhairle. Dá bhrí sin, tá na tograí maidir le rialachas a cheap an Uachtaránacht ag tús an tseimeastair ag teacht i gcruth anois, i gcomhréir leis na treoirlínte a leagtar amach i ndoiciméad 6234/22 ón gComhairle an 23 Feabhra 2022.

Tá dul chun cinn suntasach déanta ag an gComhairle freisin leis an athbhreithniú ar shásra meastóireachta Schengen. An 3 Márta, ghlac sí cur chuige ginearálta i ndáil leis an Rialachán maidir le bunú agus oibriú sásra meastóireachta agus faireacháin chun cur i bhfeidhm *acquis* Schengen a fhíorú. Tar éis an tuairim ó Pharlaimint na hEorpa a chur san áireamh, moltar an téacs a chur faoi bhráid na Comhairle Ceartais agus Gnóthaí Baile an 10 Meitheamh, mar mhír 'A', le go nglacfar go críochnaitheach é. Leis an sásra meastóireachta athchóirithe, beifear in ann mórthreochtaí nó deacrachtaí sistéamacha a shainaithint, agus beidh Chomhairle Schengen in ann na treoirlínte polaitiúla a shainiú.

PUBLIC

Ag an am céanna, leanadh den obair ar eilimintí bunriachtanacha éagsúla de acquis Schengen (idir-inoibritheacht na gcóras faisnéise, comhar póilíneachta, cosaint na dteorainneacha seachtracha, etc.), d'fhonn ár gcomhlimistéar a dhéanamh níos láidre agus níos athléimní.

Is cuid ríthábhachtach den phacáiste seo é an t-athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen atá fós le tabhairt chun críche.

## II. Tá an Coimisiún díreach tar éis an 'Tuarascáil ar Staid Schengen' a thíolacadh.

Leagtar amach sa 'Tuarascáil ar Staid Schengen' (*COM (2022) 301 final/2*) na tosaíochtaí seo a leanas:

- rialachas limistéar Schengen a neartú (sa tuarascáil uaidh, molann an Coimisiún 'timthriall Schengen');
- dul chun cinn a dhéanamh le cur chun feidhme na straitéise chun limistéar Schengen a dhéanamh níos láidre agus níos athléimní;
- an staid reatha i limistéar Schengen (an staid ag na teorainneacha seachtracha, an staid ag na teorainneacha inmheánacha, tabhairt i gcrích limistéar Schengen );
- bearta comhair póilíneachta a neartú;
- na tosaíochtaí a thagann as meastóireachtaí Schengen (go hairithe sna réimsí seo a leanas: bainistiú teorainneacha seachtracha; beartas víosaí; filleadh; comhar póilíneachta; Córas Faisnéise Schengen (CFS); cosaint sonraí).

***Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na príomheasnaimh agus na príomh-threoirlínte a shainaithnítear sa tuarascáil seo.***

**III. I bhfianaise na hoibre sin agus na ndoiciméad sin, molann an Uachtaránacht go ndéanfadh an Chomhairle na gníomhaíochtaí seo a leanas a shaothrú sna míonna amach romhainn:**

1. **Rialachas polaitiúil**:
   - 'Comhairle Schengen' a thionól 4 huaire sa bhliain chun an treoir pholaitiúil agus straitéiseach is gá a thabhairt ar mhaithe le feidhmiú cuí limistéar Schengen;
   - dul ar iontaoibh, chuige sin, an 'baraiméadar'a chuireann an Coimisiún i láthair go tráthrialta, maidir le 'Tuarascáil ar Staid Schengen' a chuirtear i láthair uair sa bhliain, agus ar iontaoibh na n-anailísí agus na moltaí a eascraíonn as sásra meastóireachta Schengen;
   - dul ar iontaoibh chomhordaitheoir Schengen arna cheapadh ag an gCoimisiún.

2. **Sásra meastóireachta**:
   - Cur chun feidhme an Rialacháin nua ón 1 Deireadh Fómhair 2022;
   - An malartú dea-chleachtas a shainaithnítear le linn meastóireachtaí a fhorbairt a thuilleadh, trína dtiomsú i gcoimre.

3. **Cód Teorainneacha Schengen, teorainneacha seachtracha, teorainneacha inmheánacha**:
   - Bailchríoch a chur ar an athbhreithniú ar Chód Teorainneacha Schengen;
   - Bainistiú comhtháite teorainneacha: sainiú ar an mbeartas straitéiseach ilbhliantúil le haghaidh bainistiú comhtháite teorainneacha san Eoraip, bunaithe ar dhoiciméad um beartas straitéiseach an Choimisiúin;
   - Frontex: leanúint den bhuanchór a imscaradh; an mhaoirseacht ar an mBord Bainistíochta a neartú; nós imeachta earcaíochta a chur chun feidhme maidir le stiúrthóir feidhmiúcháin a cheapadh; a áirithiú go n-earcófar monatóirí ar chearta bunúsacha; gníomhaíocht sheachtrach na Gníomhaireachta (comhaontuithe stádais, socruithe oibre) a fhorbairt ; an mheastóireacht a ullmhú a bhfuiltear ag súil léi faoi dheireadh 2023;
   - Seiceálacha córasacha a chur chun feidhme ag na teorainneacha seachtracha: acmhainní teicniúla agus daonna a neartú.
   - Teorainneacha inmheánacha: bearta tionlacain a chur chun cinn chun dea-fheidhmiú limistéar Schengen a áirithiú.



PUBLIC

4. **Comhar póilíneachta**:
   - sainordú nua Europol a chur chun feidhme amhail ón 28 Meitheamh 2022;
   - na bearta a mholtar sa Mholadh ón gComhairle maidir le comhar oibríochtúil i bhforfheidhmiú an dlí a chur chun cinn (e.g. ardán a bhunú le haghaidh tacaíocht riaracháin agus lóistíochta do phatróil chomhpháirteacha agus d'oibríochtaí comhpháirteacha eile);
   - Leanúint den chaibidlíocht maidir le Treoir um malartú faisnéise idir údaráis forfheidhmithe dlí na mBallstát agus Rialachán 'Prüm II';
   - Idir-inoibritheacht na ngréasán cumarsáide raidió a fhorbairt.

5. **Córas Faisnéise Schengen (CFS)**:
   - An leagan uasghrádaithe de CFS a chur chun feidhme a luaithe is féidir, roimh dheireadh 2022, leagan a thabharfaidh feidhmiúlachtaí nua do na seirbhísí úsáideora;
   - Feidhmiú cuí oifigí náisiúnta SIRENE a áirithiú;
   - Úsáid iomlán a bhaint as feidhmiúlacht an chuardaigh méarlorg.

6. **Idir-inoibritheacht idir córais faisnéise CGB**:
   A áirithiú go mbeidh na tráthchláir le haghaidh imscaradh na gcóras faisnéise éagsúil (CFS, córas dul isteach-imeachta, ETIAS) comhoiriúnach leis an gcuspóir idir-inoibritheacht a bhaint amach faoi dheireadh 2023, agus na dálaí le haghaidh feidhmiú rianúil na rialuithe ag teorainneacha seachtracha á n-áirithiú ag an am céanna.

7. **Beartas um fhilleadh**:
   Na gníomhaíochtaí a beartaíodh sa réimse sin faoi chuimsiú na chéad chéime i réimse na himirce agus tearmainn a chur chun feidhme. Go háirithe, leanúint den obair oibríochtúil a rinneadh faoi chuimsiú MOCADEM agus a rinne an Comhordaitheoir um Fhilleadh.

PUBLIC

8. **Beartas víosaí**:

   Na socruithe a neartú chun faireachán a dhéanamh ar aon léirscaoileadh a deonaíodh cheana, go háirithe i gcás cláir infheistíochta um shaoránacht, agus a áirithiú nach ann d'aon rioscaí bainteacha.

9. **Cosaint Sonraí**:

   A áirithiú, faoi chuimsiú chur chun feidhme acquis Schengen, go n-urramaítear na nósanna imeachta a leagtar síos in RGCS.

10. Cás ar leith Ballstát áirithe nach bhfuil an *acquis* ina iomláine á chur chun feidhme go fóill acu:

    Bealach chun cinn a shainiú maidir le tuilleadh nósanna imeachta is infheidhme.

***Iarrtar ar na hairí a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na treoirlínte ginearálta sin le haghaidh gníomhaíocht ón gComhairle sna míonna amach romhainn.***

PUBLIC